Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11199 — INGKA / MORSANO / MOPET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 318/07)

1. An 30 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ingka Holding B.V. ('Ingka', an Ísiltír),

— Morsano B.V. ('Morsano', an Ísiltír),

— Mopet Beheer B.V. ('Mopet', an Ísiltír), faoi rialú Morsano B.V..

Gheobhaidh Ingka agus Morsano comhrialú ar Mopet ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Go ginearálta, is féidir gnó Ingka a roinnt ina thrí phríomhrannán:

  a. IKEA Retail, arb é atá ann siopaí IKEA a oibriú mar shaincheadúnaí a bhaineann le coincheap IKEA, chomh maith le tráchtáil trína chainéil díolacháin ar líne,

  b. Ingka Centres a chruthaíonn agus a fheidhmíonn ionaid siopadóireachta ar fud an domhain,

  c. Ingka Investments a dhéanann infheistíochtaí a bhaineann le forbairt gnó agus digitiú, réitigh fuinnimh gaoithe agus grianghuinnimh, soláthar acmhainní ciorclacha, talamh foraoise, réadmhaoin agus margaí airgeadais,

— Is é Morsano an chuideachta ag a bhfuil scairsheilbh rialála agus an chuideachta sealbhaíochta atá ag Mopet faoi láthair,

— Is soláthraí seirbhísí athchúrsála meicniúla agus ceimiceacha maidir le hábhair phlaisteacha é Mopet, rud a chumasaíonn úsáid inbhuanaithe amhábhar. Dá réir sin, is táirgeoir amhábhar athchúrsáilte ardghráid agus táirgí custaiméirí inbhuanaithe é Mopet.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11199 — INGKA / MORSANO / MOPET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË